

**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**

**Ollscoil Mhá Nuad**



***Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)***

**Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora**

**1 Meán Fómhair 2023 – 31 Lúnasa 2024**



## Cúlra

Is scrúdú inniúlachta Gaeilge atá i *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*. Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimeoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá ag freastal ar ranganna oíche nó ar chúrsaí eile Gaeilge. Tá sé oiriúnach chomh maith dóibh siúd atá i mbun staidéar príobháideach. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga.

Sa scrúdú seo, déantar tástáil ní amháin ar a bhfuil sa siollabas don leibhéal seo ach, chomh maith leis sin, ar a bhfuil i siollabais Bhonnleibhéal 1 (A1), Bhonnleibhéal 2 (A2) agus Mheánleibhéal 1 (B1). Cuid mhór de na hiarrthóirí a thugann faoin scrúdú seo, is amhlaidh atá *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* gnóthaithe acu cheana. Tá an tsonraíocht atá mar bhunús le *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)* bunaithe go ginearálta ar na tuairiscíní do leibhéal B2 den *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (2001)*. Meastar gur cheart d'iarrthóirí a bhfuil leibhéal Mheánleibhéal 1 (B1) bainte amach acu timpeall 500-600 uair an chloig sa bhreis a chaitheamh i mbun staidéir sula dtugann siad faoin scrúdú seo. Níl ceangal ar bith idir an scrúdú féin agus cúrsa faoi leith teanga.

## Líon na n-iarrthóirí

Tugtar sa tábla thíos líon na n-iarrthóirí a thug faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)* ón uair a cuireadh ar bun é sa bhliain 2006 go dáta. Ón bhliain 2012 tá páirtchreidiúint ar fáil d'iarrthóirí ar mhaith leo an scrúdú cainte amháin a dhéanamh.

<b>Bliain</b>	<b>Líon iarrthóirí</b>
2006	4
2007	19
2008	35
2009	50
2010	65
2011	100
2012	129
2013	188*
2014	150*
2015	188*
2016	186*
2017	222*
2018	205*
2019	205*
2020	231*
2021	218*
2022	202*
2023	266*
2024	281* (87 PC)

\*Iarrthóirí a thug faoin pháirtchreidiúint san áireamh.

Cuirtear sainscrúduithe ag an leibhéal seo ar fáil ó am go chéile d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus d'eagraíochtaí a bhíonn ag earcú daoine a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge. Níl figiúirí a bhaineann leis na sainscrúduithe sin san áireamh sa tuairisc seo.

### Aiseolas ó na hiarrthóirí

Tugtar cuireadh do na hiarrthóirí go léir aiseolas a thabhairt do Lárionad na Gaeilge faoi cibé scrúdú a rinne siad. Iarrtar orthu ceistneoir a líonadh agus a dtuairimí a thabhairt faoi riar an scrúdaithe agus faoi ábhar agus leagan amach an scrúdaithe. Is aiseolas fíorluachmhar é seo agus cabhraíonn sé le Lárionad na Gaeilge feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar chóras scrúdaithe Theastas Eorpach na Gaeilge.

### Próifíl na n-iarrthóirí

Bailítear eolas faoi chúlra na n-iarrthóirí ó na foirmeacha iarratais. Ag brath ar líon na n-iarrthóirí, déantar anailís ar an eolas sin, ó am go chéile, le cabhrú linn próifíl a chruthú den chineál foghlaimeora a thugann faoi na scrúduithe ag na leibhéil éagsúla. Tabhair faoi deara go mbaineann an t-eolas sa rannóg seo leis na daoine fásta ar fad a chláraigh don lánchreidiúint i *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)* sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2023 go dtí 31 Lúnasa 2024.

### Aois, inscne agus náisiúntacht

Mná ba ea thart ar 70% de na hiarrthóirí. Bhí thart ar 52% de na hiarrthóirí san aoisghrúpa 18-25 agus bhí 30% san aoisghrúpa 26-45. Éireannaigh ba ea formhór na n-iarrthóirí.

### An fáth ar thug na hiarrthóirí faoin scrúdú

Lorgaíodh eolas ó iarrthóirí maidir leis na cúiseanna ar thug siad faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*. Luaigh go leor de na hiarrthóirí níos mó ná cúis amháin. Tá na torthaí sa tábla thíos.

	<b>Na cúiseanna a ndearna iarrthóirí an scrúdú</b>	<b>Céatadán</b>
1	Le cabhrú liom dul chun cinn i mo phost	13%
2	D'iarr m'fhostóirí orm an scrúdú a dhéanamh	2%
3	Chun na critéir iontrála do chúrsa bunmhúinteoireachta a shásamh	29%
4	Chun na critéir iontrála do chúrsa meánmhúinteoireachta a shásamh	16%
5	Chun na critéir fágála do chúrsa aistriúcháin/ateangaireachta a shásamh	3%
6	Le cabhrú le hoideachas mo pháistí	4%
7	Dúil sa teanga	22%

## Tuairisc ar Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)

8	Chun na critéir iontrála do chúrsa in Institiúid Oideachais Marino a shásamh	3%
9	Chun na critéir iontrála don M. Oid. i gColáiste na Tríonóide a shásamh	2%
10	Eile	6%

### Ionaid scrúdaithe

Sa bhliain 2006 is in Ollscoil Mhá Nuad amháin a reáchtáladh *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*. Toisc an t-éileamh a bheith ag méadú, áfach, tá scrúduithe TEG anois ar fáil in ionaid ar fud na hÉireann agus thar lear. Tá an t-eolas is deireanaí maidir le dátaí agus ionaid TEG le [fáil anseo](#) ar an suíomh.

### An scrúdú

Is mar seo a leanas a roinntear na marcanna i *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*:

Labhairt	25%
Cluastuiscint	25%
Léamhthuiscint	25%
Scríbhneoireacht	25%

### An grádú

Is é atá sa mharc deiridh a fhaigheann an t-iarrthóir i *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)* ná comhiomlán na marcanna a fuarthas i ngach ceann de cheithre chomhpháirt an scrúdaithe (labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht). Níl aon phasmharc íosta ann do na comhpháirteanna.

Seo a leanas, sa tábla thíos, an grádú a dhéantar ar na marcanna sa scrúdú d'iarrthóirí a thugann faoin lánchreidiúint. Don pháirtchreidiúint ní bhíonn i gceist ach Pas nó Teip.

<i>Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)</i>	
80 - 100%	Pas le gradam
65 - 79%	Pas le tuillteanas
50 - 64%	Pas
0 - 49%	Teip

Ba chóir a lua nach mbíonn torthaí na n-iarrthóirí mar an gcéanna ó sheisiún go seisiún. Is measúnú de réir critéar atá i gceist sa scrúdú seo, murab ionann agus measúnú de réir an noirm. Déantar caighdeánú ar gach gné de dhearadh na dtascanna agus de sholáthar agus de ghrádú na scrúduithe. Ar an gcaoi sin, is féidir a dhearbú go gcuirtear na caighdeáin chéanna i bhfeidhm i ngach leagan den scrúdú ó bhliain go bliain. Ní dhéantar na marcanna a choigeartú chun go mbeidh siad ag teacht le clogchuar (*bell curve*), beag beann ar na caighdeáin a bhainfeadh cohórt faoi leith amach. Is mar sin is féidir a chinntiú go bhfuil an

luach céanna ag baint le grád faoi leith sa scrúdú ó bhliain go bliain, sa chaoi is go mbeidh cothrom na Féinne le fáil ag iarrthóirí ó bhliain go chéile.

**Na gráid a bronnadh sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2023 go dtí 31 Lúnasa 2024**

Seo a leanas, sa tábla thíos, briseadh síos ar na gráid a bronnadh ar na hiarrthóirí ar fad a rinne Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2). Tabhair faoi deara go mbaineann na figiúirí thíos le daoine fásta a thug faoin scrúdú sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2023 go dtí 31 Lúnasa 2024. Tá figiúirí maidir le daltaí meánscoile le fáil i dtuairisc faoi leith.

(a) Lánchreidiúint

Grád	Céatadán na n-iarrthóirí 2022-2023	Céatadán na n-iarrthóirí 2023-2024
Pas le gradam	10%	16.4%
Pas le tuillteanas	21%	15%
Pas	17%	19.3%
Teip	52%	49.3%

(b) Páirtchreidiúint (Scrúdú Cainte)

Grád	Céatadán na n-iarrthóirí 2022-2023	Céatadán na n-iarrthóirí 2023-2024
Pas	87%	89%
Teip	13%	11%

Bhí méadú beag ar chéatadán na n-iarrthóirí ar éirigh leo pas a fháil sa scrúdú iomlán agus sa pháirtchreidiúint i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

**An scrúdú cluastuisceana**

Is é an scrúdú cluastuisceana an chéad chuid den scrúdú. Tugtar cúig nóiméad d'iarrthóirí leis na ceisteanna sa chuid seo a léamh sula seinntear na míreanna éisteachta. Maireann an chuid seo den scrúdú timpeall 35 nóiméad san iomlán. Léirítear an leagan amach a bhíonn ar an scrúdú cluastuisceana sa tábla thíos.

Ceist	Líon na míreanna	Cineál téacs	Formáid na bhfreagraí	Marcanna	Fócas an scrúdaithe
1	6	3 mhír nuachta	Freagra gearr / freagra ilroghnach	12 mharc	Ag éisteacht chun eolas faoi leith a aimsiú

Tuairisc ar Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)

<b>2</b>	10-12	6 mhír éagsúla (comhráite, míreanna ó chlár raidió, teachtaireachtaí ar ghléas freagartha, agus fógraí)	Freagra gearr / freagra ilroghnach	12 mharc	Ag éisteacht chun brí agus éirim a aimsiú, agus chun dearcadh agus tuairimí na gcainteoirí a aithint
<b>3</b>	6	Mír as agallamh ar chlár raidió, comhrá nó díospóireacht	Freagra gearr / freagra ilroghnach	12 mharc	Ag éisteacht chun eolas faoi leith a aimsiú agus chun dearcadh agus tuairimí na gcainteoirí a aithint
<b>4</b>	6	Monalóg (treoracha, cur i láthair, mír as léacht, cur síos ar thuras srl.)	Bearnaí le líonadh	12 mharc	Ag éisteacht chun eolas faoi leith a aimsiú

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cluastuisceana*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2023 go dtí 31 Lúnasa 2024.

<i>Cluastuisceant</i>	<i>2022-2023</i>	<i>2023-2024</i>
<b>Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó</b>	42%	48.6%
<b>Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%</b>	58%	51.4%

Cé gur éirigh le céatadán níos airde pas a fháil i gcomparáid leis an mbliain roimhe, níor bhain níos mó ná leath na n-iarrthóirí pas amach sa rannóg seo.

*An scrúdú cluastuisceana - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

- Tá stór leathan focal ag teastáil ó iarrthóirí a thugann faoin scrúdú ag an leibhéal seo. Mar sin, tá sé tábhachtach go mbíonn an deis ag iarrthóirí atá ag ullmhú don scrúdú éisteacht le réimse leathan téacsanna éisteachta ina bpléitear éagsúlacht ábhar. Is léir, uaireanta, nach mbíonn cur amach sásúil ag iarrthóirí ar an stór focal nó frásaí coitianta a úsáidtear i dtuairiscí nuachta. Moltar d'iarrthóirí éisteacht ar bhonn rialta leis na tuairiscí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar Nuacht TG4. Bheadh sé úsáideach ag múinteoirí feidhm a bhaint as na cleachtaí a bhunaítear ar Nuacht TG4 agus atá le fáil ar shuíomh Lárionad na Gaeilge ag <https://snas.ie>. Féach chomh maith an t-ábhar atá ar fáil ar [Céim ar Aghaidh](#).
- Bíonn cúig nóiméad ag iarrthóirí leis na ceisteanna sa rannóg seo a léamh sula gcuirtear an taifeadadh ar siúl. Ba cheart dóibh cuimhneamh go mbeidh 50 soicind acu le Ceist 4 a

léamh agus, mar sin de, moltar dóibh na cúig nóiméad a chaitheamh ag léamh Cheisteanna 1-3 agus ag cur líne faoi na focail agus na frásaí is tábhachtaí i ngach ceist.

- Ní chloiseann iarrthóirí an téacs éisteachta do Cheist 4 ach uair amháin agus bíonn orthu na bearnaí a líonadh le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an mhír agus ag deireadh na míre. Bíonn 50 soicind ag iarrthóirí sula ndéantar an mhír a sheinm agus ba cheart dóibh an t-am seo a chaitheamh ag léamh na n-abairtí chun go mbeidh siad in ann an t-eolas cuí a aimsiú.
- De ghnáth ní bhíonn mórán deacrachtaí ag iarrthóirí le ceisteanna ina mbíonn orthu eolas faoi leith a aimsiú nó dearcadh nó tuairimí cainteora a aithint. Bíonn fadhbanna acu uaireanta nuair a chuirtear ceist faoi rud éigin a chuirtear in iúl go hindíreach nó nuair a bhíonn orthu éirim an phíosa a thuiscint. I gceisteanna mar seo ní thugtar freagra na ceiste ar shlí dhíreach ach bíonn ar iarrthóirí píosaí eolais ón mhír a chur le chéile agus an comhthéacs a úsáid le teacht ar an fhreagra nó leis an fhreagra ceart a roghnú.
- Ba cheart d'iarrthóirí a gcuid freagraí a bhreacadh síos le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an téip. Ní thugtar am sa bhreis ag deireadh an scrúdaithe le freagraí a bhreacadh síos ná le freagraí a aistriú ón pháipéar garbh go dtí an freagarleabhar.

### **An scrúdú léamhthuisceana**

Nuair a bhíonn deireadh leis an scrúdú cluastuisceana, tugtar dhá uair go leith (150 nóiméad) d'iarrthóirí chun tabhairt faoin léamhthuiscint agus faoin scríbhneoireacht & úsáid na Gaeilge. Ní thugtar aon treoir maidir leis an mhéid ama a chaithfidh iarrthóirí ar na comhpháirteanna nó ar na tascanna éagsúla. Tugtar leagan amach agus na sonraí ar fad a bhaineann leis an léamhthuiscint sa tábla thíos.

<b>Ceist</b>	<b>Líon na míreanna</b>	<b>Cineál téacs</b>	<b>Formáid na bhfreagraí</b>	<b>Marcanna</b>	<b>Fócas an scrúdaithe</b>
<b>1</b>	6	Alt fíorasach nó tuairimíochta as nuachtán nó iris, nó sliocht as dialann, leabhar srl.	Meitseáil ilroghnach (roghnaigh 6 mhír as 8)	12 mharc	Ag léamh chun príomhphointí a aithint ag leibhéal paragraif
<b>2</b>	7	Sliocht as alt i nuachtán, iris, bróisiúr, leabhar nó leathanach ón idirlíon	Freagra ilroghnach (4 rogha) / freagra gearr	14 mharc	Ag léamh ar mhaithe le miontuiscint agus chun dearcadh agus tuairimí a aithint. Beidh ceist ghinearálta ann faoin alt féin agus faoi fhocail agus frásaí faoi leith san alt

3	7	Alt nó agallamh i nuachtán nó iris, nó sliocht as leabhar nó dialann	Triail iomlánaithe (roghnaigh 7 n-abairtí as 9)	14 mharc	Ag léamh chun struchtúr agus forbairt an téacs a aithint
---	---	--	---	----------	--

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú léamhthuisceana*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú léamhthuisceana sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2023 go dtí 31 Lúnasa 2024.

Léamhthuisceant	2022-2023	2023-2024
Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó	44.4%	52.1%
Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%	55.6%	47.9%

Bhí méadú ar chéatadán na n-iarrthóirí a fuair pas sa rannóg seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

*An scrúdú léamhthuisceana - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

- Ba cheart d'iarrthóirí atá ag ullmhú don scrúdú seo réimse leathan téacsanna agus tascanna a úsáid. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh eolas acu ar stór leathan focal a bhaineann le gach gné den ghnáthshaol (féach [Meánleibhéal 2 \(B2\): Siollabas agus treoir d'iarrthóirí](#)).
- Is minic a bhíonn deacrachtaí ag iarrthóirí le ceisteanna ina mbíonn orthu príomhphointí a aimsiú nó ceisteanna ina gcaitheann siad dearcadh nó tuairimí a aithint. Mar sin, moltar gur cheart am faoi leith a chaitheamh le tascanna den chineál seo.
- I gCeist 1 agus i gCeist 3 níl le déanamh ag iarrthóirí ach litir amháin a scríobh isteach sna bearnaí. Ba cheart dóibh a bheith cinnte go bhfuil an litir sin scríofa go soiléir sa dóigh is nach mbeidh na scrúdaitheoirí éiginnte faoi cén litir atá i gceist.
- Tá sé riachtanach go gcloífeadh iarrthóirí leis na treoracha a théann le gach ceist. Mura ndeirtear a mhalairt is freagra amháin a theastaíonn agus ní bhronnfar aon mharc má roghnaíonn an t-iarrthóir dhá fhreagra. I gCeist 2 is minic a bhíonn ar iarrthóirí freagra amháin a roghnú as ceithre rogha, mar shampla, '*Cén fáth a bhfuil an cás cúirte ag cur isteach ar Shíle? Roghnaigh an ráiteas is fearr ón liosta thíos*'. Tá gach seans go bhfuil cuid de na ráitis **fíor go pointe** ach is ráiteas amháin a dhéanfaidh cur síos cuimsitheach ar cén fáth a bhfuil an cás cúirte ag cur isteach ar Shíle. Fiú mura bhfuil iarrthóir iomlán cinnte, is fearr gan ach ráiteas amháin a roghnú. Tá seans acu marcanna a ghnóthú má dhéanann siad sin. Ar an lámh eile, ní féidir aon mharc a bhronnadh ar an iarrthóir a roghnaíonn níos mó ná ráiteas amháin i gceist mar seo.



**An scrúdú scríbhneoireachta & úsáid na Gaeilge**

Déanfar measúnú ar chumas na n-iarrthóirí téacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a scríobh i gcomhthéacs sonrach. Ba cheart go mbeadh siad in ann na píosaí scríbhneoireachta a eagrú go comhleanúnach agus an cumas atá acu sa teanga ó thaobh gramadaí, struchtúir agus stór focal de a léiriú. Tá na sonraí a bhaineann leis an rannóg seo leagtha amach sa tábla thíos.

Ceist	Líon na míreanna	Cineál téacs	Formáid na bhfreagraí	Marcanna	Fócas an scrúdaithe
1	1	Litir fhoirmeálta (iarratas ar phost nó áit ar chúrsa, ag cur isteach ar chomórtas srl.)	Scríbhneoireacht threoraithe	30 marc	Cruinneas gramadaí agus struchtúrtha, comhleanúnachas téacs
2	1	Alt, léirmheas, scéal, aiste.	Oscailte	30 marc	Cruinneas gramadaí agus struchtúrtha, comhleanúnachas téacs
3	15	Alt i nuachtán nó iris ar líne, blag	Eagarthóireacht ar théacs	30 marc	Cruinneas gramadaí agus struchtúrtha
4	6	Abairtí	Aistriúchán	30 marc	Cruinneas gramadaí agus struchtúrtha. Ábaltacht an chiall cheart a chur in iúl

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú scríbhneoireachta agus úsáid na Gaeilge*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa Scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2023 go dtí 31 Lúnasa 2024.

Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge	2022-2023	2023-2024
Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó	37%	40.7%
Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%	63%	59.3%

Cé gur éirigh le céatadán níos airde pas a fháil i gcomparáid leis an mbliain roimhe, is sa rannóg seo is lú a d'éirigh le hiarrthóirí marcanna arda a fháil sa tréimhse 2023-2024.

*An scrúdú scríbhneoireachta agus úsáid na Gaeilge - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

- Is léir do na scrúdaitheoirí go mbaineann go leor de na fadhbanna le hiarrthóirí a bheith róbhuartha faoi píosaí fada a scríobh. Moltar go láidir d'iarrthóirí cloí leis an teorainn focal atá leagtha síos do Cheist 1 agus do Cheist 2. Ba cheart dóibh, agus iad ag pleanáil a gcuid ama sa chuid seo den scrúdú, a chinntiú go mbeidh go leor ama acu leis an mhéid atá scríofa acu a athléamh go cúramach agus aon eagarthóireacht atá riachtanach a dhéanamh. Má chloíonn iarrthóirí leis an teorainn focal ba cheart go mbeadh go leor ama acu athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an mhéid a scríobh siad.
- Níl sé inghlactha ag an leibhéal seo go mbeadh gnáthfhocail Ghaeilge litrithe go mícheart, go mbeadh focail atá tugtha sa cheist féin mílitrithe ná go mbeadh síntí fada, ceannlitreacha, comharthaí ceiste nó a leithéidí fágtha ar lár. Ba cheart do mhúinteoirí cur ar a súile d'fhoghlaimoirí an tábhacht a bhaineann leis an chéim athbhreithnithe sa phróiseas scríbhneoireachta agus cabhrú leo na botúin a dhéanann siad go rialta a thabhairt faoi deara agus a cheartú. Ba cheart cabhrú le foghlaimoirí teacht ar straitéisí chun na scileanna atá acu a léiriú agus chun dul i ngleic le haon fadhbanna a bhíonn acu agus iad ag scríobh. Moltar do mhúinteoirí an t-alt seo a leanas le Lindgren agus Sullivan a léamh: 'Stimulated Recall as a Trigger for Increasing Noticing and Language Awareness in the L2 Writing Classroom' in *Language Awareness* 12 / 3, lgh 172-186, 2003 (agus ar fáil ar shuíomh Routledge-Language Awareness ag <http://www.informaworld.com/smpp/content~db=all~content=a907968297>). Cé go mbaineann an t-alt le ríomhphacáiste foghlama cuirtear béim ar an tabhairt faoi deara agus ar an fheasacht teanga.
- Tugtar treoir d'iarrthóirí maidir le líon na bhfocal atá le scríobh do gach ceist. Bíonn an líon focal céanna i gceist gach bliain. Mar sin, níor cheart d'iarrthóirí a bheith ag cur amú a gcuid ama sa scrúdú ag cuntas na bhfocal agus ansin ag iarraidh an méid atá scríofa acu a ghiorrú. Moltar dóibh cleachtadh a dhéanamh ar cheisteanna a fhreagairt taobh istigh den teorainn focal sa chaoi is go mbeidh barúil mhaith acu cad é an méid atá le scríobh lá an scrúdaithe féin.
- Maidir le Ceist 1, moltar d'iarrthóirí cloí le hábhar an téacs agus leis na pointí treorach a chuirtear ar fáil dóibh. Meabhraítear dóibh go gcaithfidh siad na pointí go léir a chlúdach sna freagraí a scríobhann siad. Ba cheart dóibh a bheith in ann forbairt mhaith a dhéanamh ar na pointí sin **gan** píosaí fada a thógáil ón téacs féin.
- I gCeist 2 tugtar eolas do na hiarrthóirí faoin lucht léitheoireachta ar a bhfuil an píosa scríbhneoireachta dírithe. Mar shampla, más alt do nuachtán nó cur síos do chara ar eachtra éigin atá i gceist, ba cheart an t-ábhar a chur in oiriúint don spriocghrúpa áirithe sin agus ba cheart go mbeadh an réim cheart in úsáid tríd síos.
- Tá sé fíorthábhachtach go mbíonn an méid a scríobhann iarrthóirí do Cheist 2 bunaithe ar an teideal a thugtar. Mar shampla, más í an cheist '*Léirmheas ar chlár teilifíse a chonaic mé le gairid*' ní leor cur síos a dhéanamh ar an chlár agus cad a tharla ann nó ar na daoine a bhí páirteach ann. Is léirmheas atá le déanamh sa chás sin. Mar shampla, caithfear scríobh faoi na rudaí a bhí go maith faoin chlár, cad iad na rudaí a thaitin leat

agus cén fáth, cad iad na rudaí nach raibh go maith agus cén fáth. Moltar go láidir d'iarrthóirí gan píosaí a chur de ghlanmheabhair don chuid seo den scrúdú.

- I gCeist 2 ní chuirtear mórán treoracha (seachas eolas faoin lucht léitheoireachta) ar fáil chun iarrthóirí a threorú agus iad i mbun pinn. Mar sin, tá tábhacht faoi leith ag baint leis an leagan amach ceart a bheith ar an mhéid a scríobhann iarrthóirí. Mar shampla, ba cheart go mbeadh intreoir agus críoch oiriúnach ar an phíosa agus go ndéanfaí an fhorbairt chuí ar na príomhphointí.
- Tá sé tábhachtach go ndéanfadh iarrthóirí iarracht an cumas atá acu maidir le stór focal agus struchtúr na teanga a léiriú do na scrúdaitheoirí. Ag Meánleibhéal 2 bítear ag súil go mbeadh méid áirithe éagsúlachta agus solúbthachta le feiceáil i bpíosaí scríbhneoireachta na n-iarrthóirí. Is é sin le rá, nach mbeadh na briathra céanna in úsáid acu i gcónaí agus go mbeadh siad ábalta leas a bhaint as stór focal leathan faoi mar atá léirithe i Siollabas B2.
- Tá sé tugtha faoi deara ag na scrúdaitheoirí go bhfuil feabhas áirithe tagtha ar fhreagraí na n-iarrthóirí i gCeist 3 i.e. sa phíosa eagarthóireachta. Mar sin féin, tá aire ag teastáil go fóill. Is minic a chailleann iarrthóirí marcanna trí easpa cúraim agus iad ag scríobh an leagain cheartaithe d'fhocal. Féach, mar shampla, an leagan míchruinn *'i mo déagóir'*. Is mar seo a cheartaigh roinnt mhaith iarrthóirí an botún *'i mo dheagóir'* (*i mo dhéagóir'*).
- Moltar go láidir d'iarrthóirí gan rudaí 'a cheartú' mura mbíonn siad iomlán cinnte go bhfuil siad mícheart.
- I gCeist 4, an cheist aistriúcháin, moltar d'iarrthóirí am a chaitheamh ag athléamh agus ag ceartú an méid a scríobh siad. Ba cheart a chinntiú nach bhfuil aon fhocal nó aon chuid den abairt fágtha gan aistriú.
- Tugtar eolas thíos faoi na botúin is coitianta a dhéanann iarrthóirí agus iad ag scríobh. Féach chomh maith an méid atá sa *Tuairisc ar Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)*.

- (1) Easpa cruinnis maidir le húsáid na n-aimsirí éagsúla.
- (2) Éiginnteacht faoi úsáid na claoninsinte. Iarrthóirí láidre ag rá *'ceapaim go bhfuil/is dóigh liom go raibh'* agus bhí na hiarrthóirí atá níos laige ag rá *'ceapaim tá/is dóigh liom bhí'*.
- (3) Bíonn fadhbanna leanúnacha ag iarrthóirí le húsáid an tséimhithe i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar shampla, *'an bhuntáiste'* (*an buntáiste*), *'an pictiúrlann'* (*an phictiúrlann*), *'áit maith'* (*áit mhaith*), *'duine dheas'* (*duine deas*). Bhí roinnt iarrthóirí ag cur séimhiú tar éis 'le' e.g. *'eolas le bhailiú'* (*eolas le bailiú*) agus san ainm briathartha e.g. *'ag fhoghlaim'* (*ag foghlaim*). Bíonn an claonadh ag go leor iarrthóirí an séimhiú a fhágáil ar lár tar éis 'mar' e.g. *'ag obair mar cócaire'* (*ag obair mar chócaire*).

- (4) An aidiacht shealbhach san iolra gan urú e.g. *'Bíonn siad an-tógtha lena fadhbanna féin'*, (... *lena bhfadhbanna féin*), *'Beidh ár cairde ag dul ar laethanta saoire linn'* (*ár gcairde*).
  - (5) Míthuiscint faoi úsáid *'clann'* agus *'muintir'*.
  - (6) Fadhbanna le húsáid an fhleiscín e.g. *'an deas'* (*an-deas*), *'go h-iontach'* (*go hiontach*).
  - (7) Síneadh fada ar *'ba'* e.g. *'Bá dhuine iontach é'* (*Ba dhuine iontach é*).
  - (8) Breischéim/sárchéim na haidiachta á úsáid in áit uimhir iolra na haidiachta e.g. *'na daoine óige'* (*na daoine óga*).
  - (9) Ag úsáid *'ar feadh'* in áit *'le'* e.g. *'Tá post agam anseo ar feadh trí bliana anois...'* (*Tá post agam anseo le trí bliana anois...*).
  - (10) Ní féidir *'áfach'* a úsáid ag tús abairte mar a dhéantar sa Bhéarla.
  - (11) Úsáid na réamhfhocail e.g. *'Ba mhaith liom cur isteach leis an bpost'* (*Ba mhaith liom cur isteach ar an bpost*) agus *'cuairt a thabhairt le/chuig/do...'* in ionad (*cuairt a thabhairt ar...*).
  - (12) Má bhíonn litir le scríobh, ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann an tuiseal gairmeach a láimhseáil i gceart le cibé ainm a thugtar sna treoracha i.e. *'A Sheáin'*, *'A Áine'*, *'A Shiobhán'*, *'A Jonas'* agus araile.
  - (13) I measc na bhfocail a litrítear mícheart go minic tá – *'leath uair'* (*leathuair*), *'aoibheann'* (*aoibhinn*), leaganacha éagsúla den fhocal *'traidisiúnta'* agus den bhriathar *'taitin'* sna haimsirí éagsúla.
  - (14) Is minic a léiríonn iarrthóirí éiginnteacht faoi úsáid na n-uimhreacha. Mar shampla, ní bhíonn na horduimhreacha in úsáid i gceart i gcónaí. Bíonn easpa leanúnachais ag baint le cur i bhfeidhm na rialacha maidir leis na huimhreacha pearsanta chomh maith.
- Tá roinnt samplaí de fhreagraí a fuarthas ó iarrthóirí le fáil ag deireadh na cáipéise seo. Tugann siad léiriú ar an chaighdeán a bhfuiltear ag súil leis sna píosaí scríbhneoireachta seo i *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*.

**An scrúdú cainte**

Déantar measúnú ar chumas na n-iarrthóirí páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá agus déileáil le réimse leathan topaicí faoi mar atá leagtha síos sa siollabas. Ag an leibhéal seo bítear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann forbairt a dhéanamh ar a gcuid freagraí, cúiseanna a thabhairt agus samplaí a chur ar fáil de réir mar is gá. Bítear ag súil freisin go mbeidh iarrthóirí in ann a gcuid smaointe agus an méid atá le rá acu a eagrú mar is ceart agus go mbeidh siad in ann iad féin a chur in iúl go soiléir agus i bhfriotal cuí. Ba cheart go mbeadh na straitéisí cuí acu le déileáil le rudaí nach raibh siad ag súil leo.

Tá na sonraí a bhaineann leis an scrúdú cainte leagtha amach sa tábla thíos.

<i>Cuid</i>	<i>Am</i>	<i>Cineál taisc</i>	<i>Feidhmeanna teanga</i>
<b>1</b>	5-6 nóiméad	Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir a bhaineann le topaicí ginearálta, m.sh. cúlra an iarrthóra, caitheamh aimsire, obair, ag foghlaim Gaeilge srl. Chomh maith leis sin, bíonn ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le cúrsaí reatha, m.sh. na meáin chumarsáide, cúrsaí sóisialta agus dlí, an pholaitíocht srl. Ní bhítear ag súil le haon saineolas sna hábhair chéanna	Ag tabhairt eolais agus ag léiriú agus ag cosaint tuairimí
<b>2</b>	4-5 nóiméad	Tugtar sraith pictiúr ar thopaic áirithe don iarrthóir agus bíonn dhá nóiméad aige/aici le féachaint orthu. Roghnaíonn an t-iarrthóir dhá cheann de na pictiúir agus déanann sé/sí comparáid agus codarsnacht eatarthu. Bíonn ar iarrthóirí ceisteanna ón scrúdaitheoir a fhreagairt chomh maith	Comparáid agus codarsnacht, ag léiriú tuairimí, ag míniú srl.

**Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cainte**

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cainte sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2023 go dtí 31 Lúnasa 2024.

(a) Na hiarrthóirí a rinne an scrúdú iomlán

<i>An scrúdú cainte</i>	<i>2022-2023</i>	<i>2023-2024</i>
<b>Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó</b>	71.6%	55.7%
<b>Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%</b>	28.4%	44.3%

(b) Na hiarrthóirí a rinne an pháirtchreidiúint

<i>Páirtchreidiúint</i>	<i>2022-2023</i>	<i>2023-2024</i>
<b>Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó</b>	87%	89%
<b>Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%</b>	13%	11%

Bhí méadú ar chéatadán na n-iarrthóirí a rinne an scrúdú iomlán nár éirigh leo pas a fháil sa rannóg seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Bhí céatadán na n-iarrthóirí a fuair pas sa pháirtchreidiúint i 2023-2024 beagán níos airde ná mar a bhí an bhliain roimhe.

*An scrúdú cainte - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

- I gCuid 1 den scrúdú cainte cuirtear dhá chineál ceiste ar iarrthóirí. Baineann an chéad chineál le saol an iarrthóra e.g. cúlra, cúrsaí oibre, caitheamh aimsire, an taithe atá aige/aici maidir le foghlaim Gaeilge agus araile. Go ginearálta, éiríonn go maith le hiarrthóirí agus iad ag freagairt ceisteanna den chineál seo. Ansin, cuirtear ceisteanna a bhaineann le hábhair níos teibí ar an iarrthóir. I measc na dtopaicí a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá cúrsaí reatha, an pholaitíocht, cúrsaí sóisialta, na meáin chumarsáide agus araile. Bíonn níos mó deacrachtaí ag iarrthóirí leis an chineál seo ceiste. Uaireanta, bíonn easpa stór focal ag cur bac orthu agus iad ag iarraidh tuairimí a chur in iúl faoi ábhair ar nós cúrsaí reatha. Meabhraítear d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí go bhfuil riachtanais bhreise ag Meánleibhéal 2 a léiríonn an t-aistriú ó theanga agus ó ábhair atá pearsanta, suibhachtúil go dtí teanga agus ábhair atá níos ginearálta agus níos oibiachtúla (féach [Meánleibhéal 2\(B2\): Siollabas agus treoir d'iarrthóirí](#)).
- Bítear ag súil le hiarrthóirí bheith in ann an fhorbairt chuí a dhéanamh ar a gcuid freagraí. Ba cheart go mbeidís in ann ceangal a dhéanamh idir ábhair éagsúla, cúiseanna a thabhairt lena dtuairimí, samplaí ábhartha a sholáthar nuair is gá agus béim a chur ar na pointí is tábhachtaí.
- I gCuid 2 den scrúdú tugtar bileog d'iarrthóirí ar a bhfuil ceithre phictiúr ar thopaic áirithe (mar shampla, ceithre chineál laethanta saoire nó ceithre chineál áit chónaithe). Bíonn ar iarrthóirí dhá cheann de na pictiúir atá léirithe a roghnú agus labhairt fúthu. Meabhraítear d'iarrthóirí **nach leor cur síos lom a dhéanamh ar cibé rud atá léirithe**. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann comparáid agus codarsnacht a dhéanamh eatarthu, labhairt faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leo agus a gcuid tuairimí fúthu a chur in iúl.
- Táthar ag súil le hiarrthóirí ag an leibhéal seo bheith in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá ina ndéantar tuairimí a mhalartú agus a chosaint. Níltear ag súil go mbeidh iarrthóirí ag stopadh rómhínic chun smaoinreamh ar fhocal agus bítear ag súil go mbíonn smacht maith acu ar na bunstruchtúir ghramadaí, go háirithe na haimsirí.
- Cé go nglactar leis go mbeidh tionchar na máthairtheanga le cloisteáil ar uairibh ar chuid cainte na n-iarrthóirí fiú ag an leibhéal seo, ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann focail a

fhuaimniú go soiléir, sothuigte agus go mbeadh tuiscint acu ar chúrsaí béime san abairt agus ar rithim na Gaeilge. I measc na bhfadhbanna is mó a bhíonn ag iarrthóirí le fuaimniú na Gaeilge tá na fuaimeanna seo a leanas: an fhuaim [x] i ‘sa chathair’ agus an fhuaim [x’] ‘le chéile’. Is minic a bhíonn fadhbanna ag iarrthóirí le fuaimniú an tséimhithe agus moltar do mhúinteoirí aird faoi leith a dhíriú ar an ghné sin den fhoghraíocht

- Ba cheart go mbeadh ainm Gaeilge a bpoist agus ainm Gaeilge na heagraíochta a bhfuil siad ag obair inti ar eolas ag iarrthóirí. Níl sé inghlactha a leithéidí seo a rá – ‘Tá mé ag obair sa *motor tax section*’ nó ‘Tá mé ag obair sa *Health Service*’ nuair atá ‘*Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*’ in úsáid go coitianta. Nuair a tharlaíonn sé nach mbíonn focal nó frása faoi leith ar eolas ag iarrthóir ba cheart, ag an leibhéal seo, go mbeidís in ann athleagan a chur ar fáil nó an méid atá le rá acu a chur ar bhealach éigin eile in ionad dul i dtuilleamaí an Bhéarla.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh na horduimhreacha ar eolas go maith ag iarrthóirí mar go mbíonn siad de dhíth orthu agus iad ag caint faoi na pictiúir i gCuid 2.
- Seo thíos cuid de na botúin is coitianta a rinne iarrthóirí ag an leibhéal seo sa scrúdú cainte. Is ionann cuid acu agus botúin a dhéantar ag leibhéil níos ísle i gcóras TEG. Mar sin de, tá sé fíorthábhachtach go gcabhródh múinteoirí le foghlaimeoirí na botúin a dhéanann siad a aithint agus a cheartú chomh luath agus is féidir sa phróiseas foghlama.

(1) An tuiséal ginideach e.g. ‘*Contae an Clár*’ (*Contae an Chláir*), ‘*Bhí mé sa Fhrainc ar feadh seachtain*’ (...*ar feadh seachtaine*), ‘*Níl go leor obair...*’ (*Níl go leor oibre...*), ‘*níos mó muinín*’ (*níos mó muiníne*) ‘*timpeall an Eoraip*’ (*timpeall na hEorpa*).

(2) Gan na haimsirí a bheith i gceart. Ag an leibhéal seo ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann an aimsir láithreach, an aimsir ghnáthláithreach, an aimsir chaite agus an aimsir fháistineach a úsáid gan aon deacracht agus go mbeidís in ann an modh coinníollach a láimhseáil go measartha maith.

(3) Na huimhreacha e.g. ‘*seasca míle daoine*’ (*seasca míle duine*), ‘*dhá bhusanna*’ (*dhá bhus*), ‘*dhá chairde*’ (*beirt chairde*), ‘*Trí*’ mar fhreagra ar cheist den chineál ‘*Cé mhéad leabharlann sa cheantar?*’ in ionad ‘*Trí leabharlann*’ nó ‘*Trí cinn*’.

(4) Fadhbanna le húsáid an ainmfhocail. Ar na fadhbanna is coitianta tá – ainmfhocal agus an t-alt, ainmfhocal agus aidiacht, agus ainmfhocal le réamhfhocal e.g. ‘*Tá an foireann go maith*’ (...*an fhoireann*), ‘*Bíonn féile mór ar siúl...*’ (...*féile mhór*), ‘*Tá fadhb mór anseo leis an t-uisce*’ (*Tá fadhb mhór anseo leis an uisce*).

(5) Deacrachtaí leis an chlaoninsint e.g. ‘*Is dóigh liom bhí an dráma go hiontach*’ (*Is dóigh liom go raibh an dráma go hiontach*), ‘*Sílim bhí cúrsaí eacnamaíochta maith ag an am*’ (*Sílim go raibh cúrsaí eacnamaíochta maith ag an am*).

## Moltaí ginearálta

- Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí gur scrúdú ag meánleibhéal ard atá i gceist leis an scrúdú áirithe seo. Moltar do dhaoine a bhfuil *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)* bainte amach acu timpeall 500-600 uair an chloig a chaitheamh ag déanamh staidéir ar an teanga sula dtugann siad faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*. Is éard atá i gceist leis seo ná meascán de chúrsaí agus de ranganna, staidéar príobháideach, cleachtadh ar an teanga agus araile.
- Moltar go láidir do mhúinteoirí agus d'iarrthóir dianstaidéar a dhéanamh ar an dá scrúdú shamplacha agus ar na teoracha a théann leo ar an suíomh ag <http://www.teg.ie/léibheil-scrúduithe/meánleibhéal-2-b2.255.html>
- Tá teacht chomh maith ar ábhar samplach teagaisc atá oiriúnach do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú iarrthóirí do *Scrúdú Mheánleibhéal 2(B2)*. Tá teacht ar threoracha don mhúinteoir, bileoga oibre agus comhaid fuaimne agus físe ag <http://www.teg.ie/naisc-acmhainní/ábhar-teagaisc.289.html> Is ábhair shamplacha atá anseo agus beidh ar mhúinteoirí cur leis na hábhair sin agus iad a chur in oiriúint le freastal ar an riachtanais atá ag na foghlaimoirí atá faoina gcúram.
- Tá acmhainní eile foghlama agus teagaisc ann a bheadh úsáideach do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimoirí ag an leibhéal seo. Féach, mar shampla, na cleachtaí a bhunaítear ar Nuacht TG4 agus ar Ros na Rún atá le fáil ar shuíomh Lárionad na Gaeilge ag <https://snas.ie>. Tá an-chuid ábhar teagaisc a bheadh úsáideach don leibhéal seo le fáil ar an suíomh [www.teagascnagaeilge.ie](http://www.teagascnagaeilge.ie) Bheadh roinnt den ábhar atá leagtha síos go háirithe don chéad bhliain an-úsáideach do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú iarrthóirí do *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*. Ar ndóigh, beidh cuid den ábhar le cur in oiriúint do riachtanais cibé ranga atá á theagasc agat. Moltar d'iarrthóirí éisteacht le haon cheann de na podchraoltaí Gaeilge éagsúla atá le fáil ar na hardáin mhóra, ina measc podchraoltaí de sheóanna ar Raidió na Gaeltachta m.sh. Adhmhaidin, Tús Áite, Bladhaire, Iris Aniar, An Saol ó Dheas agus Barrscéalta.
- Iarrtar ar mhúinteoirí agus ar iarrthóirí a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi aon cheann de scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge an t-eolas agus na moltaí a thugtar ar an suíomh a léamh go cúramach. Is ar shuíomh TEG [www.teg.ie](http://www.teg.ie) a bhíonn an t-eolas is déanaí faoi na scrúduithe.



Seo a leanas **Ceist 1** i scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge (*Scrúdú Mheánleibhéal 2*).

*Tá fógra sa nuachtán faoi phost thar lear. Ba mhaith leat cur isteach ar an bpost. Léigh an fógra agus na nótaí thíos. Bain úsáid as **na nótaí go léir** agus scríobh litir chuig an fhostóir. Scríobh **160-180 focal**.*

## Bliain thar lear

Ar mhaith leat bliain a chaitheamh ag obair agus ag staidéar i Stáit Aontaithe Mheiriceá?

Tá teaghlach Éireannach atá lonnaithe i Nua-Eabhrac ag lorg duine chun aire a thabhairt do bheirt pháistí (aois 6 agus 10) ar feadh bliana.

Ní mór d'iarrthóirí taithe a bheith acu ar a bheith ag obair le páistí.

Is í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh agus caithfidh iarrthóirí a bheith líofa sa Ghaeilge.

Ní mór d'iarrthóirí ceadúnas glan tiomána a bheith acu agus scileanna cócaireachta.

Beidh deis ann freastal ar ranganna nó ar chúrsaí oideachais páirtaimseartha.

Má tá spéis agat sa deis iontach seo, seol litir chuig:

Máirín Uí Chuinn, 4532 Henry Street, NY10010.

bliain ag obair i náionra...cúrsaí  
oiliúna...cúntóir ranga i  
mbunscoil...

as ceantar Gaeltachta  
...oideachas trí Ghaeilge...

2020 scrúdú tiomána...cócaire  
maith mar...

Ba bhreá leat Spáinnis a  
dhéanamh mar....

Seo a leanas trí shampla de fhreagraí a tugadh agus tráchtairacht ghairid ar gach ceann acu. Ar ndóigh, rinneadh ainmneacha, seoltaí agus eolas eile a athrú.

### SAMPLA 1

	Seoladh Baile Átha Cliath Éire Dáta
Máirín Uí Chuinn 4523 Henry St NY 10010	
A bhean Uí Cuinn, a chara, Táim ag scríobh an litir seo maidir leis an bhfógra a chonaic mé sa nuachtán. Tá an-suim agam sa phost, mar tá an-chuid taithí agam i gcúrsaí oiliúna agus ag obair le páistí óga.	
Chaith mé trí bliana ag obair i naíonra i gContae Uíbh Fhailí nuair a d'fhág mé an mheánscoil agus tar éis sin, bhí post agam mar chúinteoir ranga i mbunscoil.	
Is as ceantar Gaeltachta i gContae na Gaillimhe ó dhúchas mé agus fuair mé mo chuid oideachais trí Ghaeilge. Mar sin, tá sí ar mo thoil agam.	
Rinne mé mo scrúdú tiomána in 2020 agus tá ceadúnas glan agam. Is cócaire maith mé agus rinne mé cúrsa sa chocaireacht nuair a bhí mé i gContae Uíbh Fhailí.	
Bhí mé sásta a léamh go mbeidh deis ann freastal ar ranganna. Ba bhreá liom Spáinnis a dhéanamh mar tá mé tógtha leis na teangacha go léir.	
Beidh mé faoi chomaoín agat dá thabharfá seans dom obair leat agus le do chlann, agus dá mbeadh aon cheist agat fúm, ná bíodh leisce ort ríomhphost a sheoladh chugam ag <a href="mailto:mise@eircom.net">mise@eircom.net</a> .	
Le gach dea-mhéin Máire Éilis Nic Gabhann	

### Tráchttaireacht ar Shampla 1

Is sampla an-mhaith an píosa scríbhneoireachta seo den chaighdeán a bhfuiltear ag súil leis sa scríobh i *Scrúdú Mheánleibhéal 2*. Maidir leis an leagan amach, tá beannacht agus críoch oiriúnach in úsáid sa litir. Clúdaítear na pointí ar fad a bhí le plé agus tá forbairt bheag déanta orthu. Glactar leis nach féidir le hiarrthóirí forbairt rómhór a dhéanamh ar na pointí taobh istigh den teorainn focal atá leagtha síos. Baintear úsáid as leaganacha cainte a léiríonn an réim cheart dá leithéid de litir. Réim fhoirmiúil nó oifigiúil atá i gceist i.e. ‘*a chara*’, ‘*Beidh mé faoi chomaoín agat...*’ agus ‘*Le gach dea-mhéin*’. Maidir le cúrsaí cruinnis, tá an píosa seo measartha saor ó bhotúin thromchúiseacha. Léirítear tuiscint an-mhaith ar úsáid na mbriathra, ar úsáid na n-aimsirí agus ar úsáid na réamhfocal. Tá an phoncaíocht agus an litriú go maith. Tá cúpla botún litrithe ann – ‘*cocaireacht*’ agus ‘*chúinteoir*’. Is botúin iad sin nár cheart a dhéanamh de bharr go bhfuil na focail ‘*cocaireachta*’ agus ‘*cúntóir*’ tugtha sa téacs féin. Sheachain an t-iarrthóir seo go leor de na botúin is coitianta a dhéanann foghlaimeoirí agus iad ag scríobh na teanga. Cé go bhfuil roinnt frásaí ciotacha in úsáid, níl siad tromchúiseach agus ní chuireann siad isteach ar an chumarsáid. Féach, mar shampla, ‘*Táim ag scríobh an litir seo maidir leis an bhfógra...*’ agus ‘*tá an-chuid taithí agam i gcúrsaí oiliúna...*’.

### SAMPLA 2

Baile an Ghleanna  
Co. Chill Dara

A Mháirín,

Chonaic mé do fhógra sa nuachtán agus tá mé ag cur isteach ar an bpost seo.

Chaith mé bliain ag obair í naónra anseo in Éirinn agus tá cúrsa oiliúna déanta agam freisin. Bhí an t-ádh orm mar chúntóir i mbunscoil i mBaile Nua.

Rugadh agus togadh mé i Rath Cairn, is é sin ceantar Gaeltachta i gcontae na Mí. Fuair mé mo chuid oideachais trí Gaeilge ansin.

Tá mé in ann carr a thiomáint agus fuair mé mo chheadúnas tiomána sa bhliain dhá mhíle is a fiche. Tá sé glan go fóill.

Is feidir liom cócaireacht mar rinne mé cúrsa cocaireacht an Blian seo chaite. Ba mhaith liom an Spáinnis a fhoghlaim agus tá suim an-mhór agam sa teanga sin. I do fhógra durt tu go mbeidh an deis ann freastal ar ranganna nó ar chursaí eigin. Is é an Spáinnis is fearr liom a dhéanamh dá mbeadh an deis agam.

Tá mé ag súil le do fhreagra.  
Slán go foill  
Seán Ó Conchúir

### **Tráchttaireacht ar Shampla 2**

De réir an chaighdeáin a bhfuiltear ag súil leis i *Scrúdú Mheánleibhéal 2*, is ag leibhéal meánach atá an sampla thuas. D'fhéadfaí na nótaí a tugadh a fhorbairt rud beag níos fearr sa phíosa seo. Uaireanta, níl sé róshoiléir cad é atá i gceist ag an iarrthóir e.g. *'Bhí an t-ádh orm mar chúntóir i mbunscoil i mBaile Nua'*. Tá an leagan amach sásúil go leor, cé gur fágadh *'a chara'* ar lár ag tús na litreach. Seans go bhfuil *'Slán go fóill'* rud beag neamhfhoirmiúil agus gurbh fhearr *'Is mise le meas'* nó *'Le gach dea-mhéin'* a úsáid ina leithéid seo de litir. Cé go bhfuil formhór na mbunstruchtúr gramadaí i gceart feictear go bhfuil fadhbanna áirithe ag an iarrthóir seo maidir le litriú. Is é *'naónra'* a scríobhadh cé go bhfuil *'naíonra'* tugtha sa cheist. Tá bunrudaí litrithe go mícheart e.g. *'durt tu'*, *'chursaí eigin'* agus *'Slán go foill'*. Tá *'Spáinnis'* litrithe i gceart in áit amháin agus mícheart in áit eile. Níl aon mhórfhadhbanna leis an phoncaíocht seachas an cheannlitir ar an fhocal *'bliain'* i lár abairte. Botún eile atá sa phíosa, agus atá coitianta in obair na n-iarrthóirí go léir, ná míthuiscint faoi úsáid an tséimhithe e.g. *'...an bhliain seo chaite'*. Ceapann iarrthóirí go minic go n-úsáidtear séimhiú sna cásanna seo de bharr go bhfuil an t-ainmfhocal baininsneach. Tá frása nó dhó a léiríonn éiginnteacht faoi úsáid na n-aimsirí e.g. *'Is é an Spáinnis is fearr liom a dhéanamh...'* (*Is í an Spáinnis ab fhearr liom a dhéanamh...*).

### **SAMPLA 3**

Dia Dhuit a Mhairin

Taim ag scríobh chugat mar gheall ar do fógra a bhí sa nuachtan inné agus ba mhaith liom iarratais a chur isteach ar.

Rugadh agus togadh me í dtuaisceart Chíarraí. Táim an duine is sine sa chlann de ceithre paistí. Tá a lán taithí agam lé daoine óga mar ta triúr daoine níos óga na mé í mo chlann agus bhí orm aire a thabhairt doibh ó ám go hám. Deanaim a lan obair le na paistí óga sna Cumann Lúthchleas Gael agus thaitin sé go mór liom.

Nuair a bhí mo cúrsa críochnaithe agam sa ollscoil chaith me bliain ag obair í naonra in aice liom. Bhí beagnach fiche paistí ann gach lá agus bhí orm gach sort rud a rinne doibh. Chaith mé a lán ama ag imirt le na paistí agus ag coicareacht doibh. Coicareacht maith ata mé agus tá suim agaim í bia deas difrúil agus ta a'fhios agam chom tabheacht a bhfuil sé go níthonn daoine

óga an bia ceart agus gan iad a bheith ag ithe garbaiste – agus rudaí milseoige

Is as an Gaeltacht me agus tá an Gaeilge mo phrionmhtheanga. Chuaigh me go dti bunscoil gaelach agus ansin go dti meanscoil gaelach.

Fuair mé mo ceadúnas glantiómana í mbliain 2020 agus níl aon fadhb agam bheith ag tiomaint í Nua-Eabhrac mar bhí me ag tiomant ann anuraidh.

Ba bhreá liom cúrsa Spáinnis a dheanamh pairtaimseartha – bhí me ag stadeir an Spáinnis san ollscoil agus ba mháith liom é a togáil suas arís

Ba bhrea liom dul chun aire a thabhairt do a beirt phaistí agus seo mo uimhir telefon mabhionn aon ceist agat 086 88886666

Is mise le meas  
Seán Ó Murchú

### **Tráchtairacht ar Shampla 3**

Níl an caighdeán a bhfuiltear ag súil leis sa scríobh i *Scrúdú Mheánleibhéal 2* léirithe sa phíosa áirithe seo. Maidir leis an leagan amach, ní thugtar aon seoladh agus tá an bheannacht *‘Dia Dhuit a Mhairin’* mí-oiriúnach i litir fhoirmiúil den chineál seo. I gcorp na litreach déantar forbairt an-mhaith ar na nótaí a tugadh sa cheist ach scríobhann an t-iarrthóir céad focal sa bhreis ar an mhéid atá leagtha síos, rud nach bhfuil sásúil. Léiríonn an t-iarrthóir go bhfuil roinnt eolais aige/aici ar bhunstruchtúr na teanga. Féach, mar shampla, úsáid na copailé – *‘Is as... mé’*; úsáid na n-aimsirí – *‘Rugadh agus tógadh mé...’*; agus úsáid na bhforainmneacha réamhfhoclacha – *‘Bhí orm aire a thabhairt dóibh...’*. Ar an lámh eile léirítear easpa leanúnachais maidir leis na bunstruchtúir chéanna e.g. *‘Táim an duine is sine...’*, *‘Cócaireacht maith ata mé’*, *‘Déanaim a lán obair...agus thaitin sé go mór liom’*. Tá easpa cúraim agus leanúnachais maidir le cruinneas, litriú agus poncaíocht le feiceáil sa phíosa seo e.g. *‘ceithre paistí’* (*ceathrar páistí*), *‘níos óga’* (*níos óige*), *‘deanaim a lan obair’* (*déanaim a lán oibre*), *‘rudaí milseoige’* (*rudaí milse*), *‘mo cúrsa’* (*mo chúrsa*) agus araile.

Seo thíos **Ceist 2** sa scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge.

*Scríobh **alt** do chomórtas iriseoireachta i nuachtán Gaeilge ar cheann de na hábhair thíos. Scríobh timpeall 160-180 focal.*

***An chathair is fearr liom***

**nó**

***An cinneadh is fearr a rinne mé riamh***

Seo a leanas trí shampla de fhreagraí a tugadh agus tráchttaireacht ghairid ar gach ceann acu.

### **SAMPLA 1**

#### **An cinneadh is fearr a rinne mé riamh**

Bhí suim agam i gconaí sa réalteolaíocht. Ach cheap mé go raibh mé i m'aonar. Ní raibh aithne agam ar duine ar bith a raibh suim aige sa réalteolaíocht. Cheannaigh mé leabhair agus irisí. Ach ní feidir leat comhrá a bheith agat le leabhar no le hiris. Lá amháin chonaic mé fógra ar an teilifís 'Tá Cumann Réalteolaíocht na hEireann ag lorg baill nua'. Ní raibh aon eolas agam faoin chumann sin. Ach dúirt mé liom fein go mbainfainn triail as. Agus sin é an cinneadh is fearr a rinne mé riamh.

C'én sórt daoine a bheadh ann? Daoine cneasta agus fáilteach an chuid is mo daoibh. Thug siad seans dom rudaí nua a dhéanamh agus a fheiceáil: Slí na Bó Finne a fheicáil ó cheantar dorcha; úsáid a bhaint as teiliseoigh móra, fiú amhain an ceann i mBiorra; bualadh le daoine mór le rá cosúil le Patrick Moore agus spásairí (as Meiriceá agus as an Rúis).

Ina theannta sin thug sé seans dom cuairt a thabhairt ar tíortha eagsúla chun urú gréine a fheiceáil, go mór mór go dtí an Aifric. Ta suim mhór agam sa taisteal freisin, agus sna hainmhithe. Nuiar a bhí mé óg bhí dúil orm dul chun na hAifrice chun na hainmhithe fiáine a fheiceáil. Ach níl ach bringleod a bhí ann, cheap mé.

Ach d'eirigh liom é a dhéanamh, os rud é go raibh mé i mo bhall de Chumann Réalteolaíochta na hEireann.

### **Tráchttaireacht ar Shampla 1**

Seo píosa scríbhneoireachta a léiríonn an caighdeán a bhfuiltear ag súil leis sa scríbhneoireacht i *Scrúdú Mheánleibhéal 2*. Tá an t-ábhar atá faoi chaibidil bainteach le téama an ailt agus baintear úsáid as stór focal leathan. Maidir leis an leagan amach, cuirtear tús maith leis an phíosa agus déantar forbairt mhaith ar na pointí sa dá alt ina dhiaidh sin. Tá an deireadh rud beag tobann, ach seans go raibh faitíos ar an iarrthóir dul thar an teorainn focal. Feictear go bhfuil bunstruchtúr na teanga faoi mar atá leagtha síos sa siollabas ar eolas ag an iarrthóir. Tá roinnt botún fánach anseo agus ansiúd, mar shampla, botúin litrithe agus easpa leanúnachais maidir leis an litriú e.g. *'i gconaí'* (*i gcónaí*), *'c'én'* (*cén*), *'eagsúla'* (*éagsúla*). Tá botúin ghramadaí ann chomh maith e.g. *'ní raibh aithne agam ar duine ar bith'* (*...ar dhuine ar bith*) agus *'ach níl ach bringleod a bhí ann'* (*ach ní raibh ann ach brionglóid*). Baineann an t-iarrthóir úsáid as nathanna deasa ar nós *'ina theannta sin'* rud a fhágann go bhfuil blas nádúrtha go maith ar an phíosa scríbhneoireachta seo.

### **SAMPLA 2**

#### **An chathair is fearr liom**

Chuaigh mé chuig Nua Éabhrac ar na mallaibh. Sin an aistear is faide atá déanta agus go dtí seo. Chaith mé seachtain in ait darbh ainm Yonkers. Is gá duit taisteal a dheanamh ma ata tú ag iarriadh gach rud a fheiceall. Bíonn reimshe traein agus busanna ann ó dubh go dhubh. Thug muid cuairt ar na radhanna uilig. Bhí mé ar bharr an Empire State Building ar Oíche Vailintín agus bhain sé geit asam. Tá Nua Éabhra saibhir le stair agus chuir an t-oilean Ellis bron orm. Rinne muid siuiloid thart ar pháirc larna. Bhí brat sneachta ina luí ar an talamh agus bhí an gaoth ag séideadh. Bhí an loch reoite. Mí na Nollag a bhí ann agus bhí sé deich ceim faoin reophointe. Fiú i ndoineann an gheimhridh is fiú an turas seo a dhéanamh is cuma faoi airgead. Chonaic muid an Dealbh Saoirse. Chuir sé díoma orm. Shíl mé go raibh sé an-ard ach chun an fhirinne a rá ní raibh. Bhí na tithe tabhairne ar fheabhas. Bhí rogtha agus tógtha bia agus deoch ar fáil. Cheannaigh mé bronntanais ach bhí orm cain a íoc ag an taerfort ar mo bhealach abhaile

### **Tráchttaireacht ar Shampla 2**

Seo píosa scríbhneoireachta a léiríonn caighdeán measartha maidir leis an leibhéal a bhfuiltear ag súil leis i *Scrúdú Mheánleibhéal 2*. Tá an t-ábhar atá faoi chaibidil bainteach le téama an ailt agus baintear úsáid as réimse measartha focal. Sin ráite, déantar rudaí áirithe a aistriú go ciotach ón Bhéarla e.g. *'saibhir le stair'*, *'páirc larna'* agus *'Dealbh Saoirse'*. Uaireanta, milltear nath deas nuair nach litrítear i gceart é e.g. *'rogtha agus tógtha bia agus deoch'*. D'fhéadfaí an píosa a leagan amach níos fearr agus críoch oiriúnach a chur leis. Léirítear tuiscint mhaith ar an aimsir chaite, úsáid na réamhfocal agus araile. Tá fadhbanna

áirithe ag an iarrthóir a d'fhéadfaí a chur ina gceart dá gcaithfí níos mó ama ag athléamh an phíosá agus ag ceartú na mbotún litrithe e.g. 'ait' (áit), 'ma ata tu' (má tá tú), 'Nua Éabhra' (Nua-Eabhrac) agus araile.

### SAMPLA 3

#### An chathair is fearr liom

Chuaigh mé agus mo chlann ar saoire go beagnach gach cathar san Eorap ach is ea cathar na Gaillimhe an cheann is fearr liom. Níl sé ach trí uair suas an bóthar, ní dhá duit aon eililt a fhail no bheith ag fanacht ar feadh na uaireanta san aerfort.

Tá radharcanna agus foirgineamh san Galliamh nios deasa na in aon tír eile. Ma bhionn lá deas agat ta na radharcanna idir an Chlár agus na Gaillimhe ar fheabhas. Ta go leor lochanna agus amhain deasa ann.

Tá na ostáin sna cathair an deas agus ta seónna iontach inti freisin. D'fhanaimid sna Great Southern anois is arís agus tá linn snámha ann agus bialann ana deasa freisin. Tá seoanna dó na páistí óga freisin í rith an tsamhraigh. Ta go leor bialanna deasa sna cathair ach is éa an 'Swallows Nest' an cheann a dtaithíonn is mó liomsa. Tá rogha maith ar an chlár agus níl sé rochostasach, tá an bia thar barr agus an tseirbhís go tapaigh. Tá a lán ceiliureadh ann i rith an tsamhraidh agus tagann na turasorí ó gach taobh den domhan chun iad a feiceáil.

Tá go leor tithe tabhairne ann freisin agus bionn seisiún ceol ann de gnáth. D-thaithníonn sé sin go mór liom mar bíonn damhsa agus amhránaíocht ann gach oíche Ach is í Rasaí na Gallimhe an celuradh is tabhtacht ata ar siúl ann. Thagann na céadta ann chun na rásaí gach bhliain.

#### Tráchtairacht ar Shampla 3

Níl an caighdeán a bhfuiltear ag súil leis sa scríobh i *Scrúdú Mheánleibhéal 2* léirithe sa phíosá áirithe seo. Cé go gcloítear le hábhar na ceiste, tá an freagra féin athráiteach agus ní bhaintear úsáid as stór focal atá leathan go leor don leibhéal seo. Is léir go bhfuil fadhbanna leanúnacha ag an iarrthóir seo le húsáid na mbriathra agus le húsáid na n-aimsirí e.g. 'D'fhanaimid sna Great Southern anois is arís' (Fhanaimid sa Great Southern anois is arís), 'Tá a lán ceiliureadh ann i rith an tsamhraidh' (Bíonn a lán ceiliúrtha ann...), 'D'thaithníonn sé sin go mór liom' (Taitníonn sé sin...). Tá go leor de na botúin a dhéantar an-bhunúsach agus ní bheifeá ag súil leo ag an leibhéal seo e.g. 'san Gaillimh' (i nGaillimh/sa Ghaillimh), 'na ostain' (na hóstáin), 'gach bhliain' (gach bliain), 'bialann ana deasa' (bialanna an-deas).